**COMHAIRLE CONTAE CHILL DARA**

**BEARTA MOILLITHE TRÁCHTA BEARTAITHE**
**ALT 38 DEN ACHT UM THRÁCHT AR BHÓITHRE 1994**

De réir fhorálacha Alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994, tugann Comhairle Contae Chill Dara fógra leis seo go bhfuil sé ar intinn aici:

**Scoil Mochua, Cill Droichid - Scéim Bealaí Sábháilte chun na Scoile** ina mbeidh:

- Bearta Scéim Bealaí Sábháilte chun na Scoile a chur chun feidhme, lena n-áirítear mullaird bhata agus marcanna bóthair, chun sábháilteacht a fheabhsú d'úsáideoirí soghonta bóithre ag an scoil.
- Cúig (5) thrasrian neamhrialaithe coisithe ardaithe a shuiteáil le teanntú acomhail ar bhóithre atá tadhlach le Bóthar Achadh Ard atá i ndlúthghaireacht do Scoil Mochua.
- Dhá (2) thrasrian coisithe comhréidh neamhrialaithe a shuiteáil i nGarrán na Fuinseoige chun sábháilteacht a fheabhsú d'úsáideoirí soghonta bóithre ag úsáid bealach isteach ar chúl/ar thaobh Scoil Mochua.
- Trasrian coisithe comhréidh neamhrialaithe amháin (1) atá ann cheana a uasghrádú ag príomhbhealach isteach go Scoil Mochua.
- Cosán tréscaoilteacht tarramhacadam 2m ar leithead a thógáil a dhéanfaidh nasc idir na cosáin atá ann cheana ag cúl na scoile, gar do Gharrán na Fuinseoige agus Páirc Chaisleáin Uidhilín.
- Rampaí luais maolaithe atá ann cheana agus an trasrian soilsithe ardaithe túcánach atá ann cheana a choinneáil.
- Na colbhaí bóthair atá ann cheana agus leithid na gcarrbhealaí a choinneáil feadh Bhóthar Achadh Ard.
- An leataobh páirceála taobh an bhóthair a bhaint agus an cosán trasna ó Scoil Mochua ar Bhóthar Achadh Ard a leathnú chun taisteal gníomhach níos sábháilte a chur chun cinn.

Beidh líníochtaí a thaispeánfaidh na hoibreacha atá beartaithe ar fáil lena n-iniúchadh ag na láithreacha seo a leanas ón **30 Aibreán 2025 go dtí an 29 Bealtaine 2025.**

- Suíomh Gréasáin Comhairliúcháin Chomhairle Contae Chill Dara ag https://consult.kildarecoco.ie/en/consultation/section-38-road-traffic-act-1994-–-proposed-scoil-mochua-safe-routes-school-scheme-celbridge
- Oifigí Chomhairle Contae Chill Dara, Leibhéal 4, Áras Chill Dara, An Nás, Co. Chill Dara Dé Luain – Dé hAoine idir na huaireanta 9.00am agus 5.00pm.

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a bhaineann leis na hoibreacha beartaithe thuasluaite **a dhéanamh Ar líne** ag https://consult.kildarecoco.ie/en/consultation/section-38-road-traffic-act-1994-–-proposed-scoil-mochua-safe-routes-school-scheme-celbridge

**NÓ** I scríbhinn chuig an: Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, An Roinn Iompair, Soghluaisteachta agus Spásanna Oscailte, Comhairle Contae Chill Dara, Áras Chill Dara, Páirc Uí Dhubhuí, An Nás, Co. Chill Dara W91 X77F faoi 5:00pm ar an **29 Bealtaine 2025**

**Déan d'aighneacht trí mheán amháin, le do thoil, i.e. i gcóip chrua nó ar líne**